# Lár Bhaile an Ghoirt – Scéim Feabhsúcháin Sráid-Dreacha

Tá áthas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe Beart Feabhsaithe Sráid-dreacha a fhógairt do Lár Bhaile an Ghoirt. Maoineoidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) an ghníomhaíocht faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Is gníomhaíocht de chuid Lár Bhaile an Ghoirt ar dTús é an tionscadal agus cuireann Foireann Bhaile an Ghoirt chun cinn é.

## 1. Fócas an Bhirt

Tá an Beart seo dírithe ar thacú le aghaidheanna siopaí agus aghaidheanna sráide i gceantair shainithe laistigh de lárionaid roghnaithe bailte/sráidbhailte tuaithe a uasghrádú agus a fheabhsú. Tá an limistéar sainithe nó an láthair cháilitheach don Bheart seo léirithe ar an léarscáil de Lár Bhaile an Ghoirt a ghabhann leis seo. Is iad na limistéir atá san áireamh sa Scéim seo ná réadmhaoin atá os comhair Chearnóg an Mhargaidh, Sráid Crowe, Sráid an Droichid, Sráid Sheoirse (cuid di), Sráid na Beairice agus Sráid an Teampaill. (CUIR NASC NA LÉARSCÁILE ISTEACH)

Is gné an-tábhachtach den sráid-dreach iad aghaidheanna siopaí. Mar sin, ba chóir go mbeadh aghaidheanna siopaí ar ardchaighdeán dearaidh agus go léireoidís ailtireacht an bhunfhoirgnimh agus an cheantair máguaird.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle aghaidheanna traidisiúnta siopaí a chuireann le carachtar ár mBailte agus ár Sráidbhailte a chaomhnú agus a choinneáil. Ceisteofar go géar an gá atá le sean-aghaidheanna siopaí a athrú, bíodh siad cosanta nó ná bíodh. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d’athchóiriú seachas d’athsholáthar. Tá iniúchadh agus cothabháil rialta riachtanach chun lochtanna agus meath tromchúiseach a sheachaint. Féachann Comhairle Chontae na Gaillimhe le nuálaíocht mhiondíola, cruthaitheacht, beogacht a spreagadh agus aithníonn sí an ról is féidir a bheith ag aghaidheanna siopaí, comharthaí agus fógraíocht ar charachtar sráide.

## 2. Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Is iad na hiarrthóirí incháilithe ná tionóntaí nó úinéirí foirgneamh tráchtála, cónaithe nó gan chónaí sa láthair cháilitheach i Lár Bhaile an Ghoirt. Tá na Láithreacha Cáilitheacha atá san áireamh leagtha amach ar an léarscáil thíos.
**Déanfar aon iarratas a gheofar ar áitribh lasmuigh den láthair cháilitheach shainithe agus de na limistéir tosaíochta a mheas ar bhonn cás ar chás.**
Tá cónaitheoirí/áititheoirí nó léas-sealbhóirí foirgneamh faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil laistigh de shuíomh sainithe an Bhirt i dteideal iarratas a dhéanamh freisin.
Is féidir iarratais a dhéanann grúpaí pobail agus deonacha áitiúla i gcomhairle le húinéirí/tionóntaí nó thar ceann réadmhaoine atá gan chónaí laistigh de na láithreacha sainithe a mheas.
**Tabhair faoi deara:** Ní mór do thionóntaí toiliú i scríbhinn ó áitreabh an úinéara a chur isteach le haghaidh na n-oibreacha sonraithe ag am an iarratais.
Ní féidir iarratais a mheas nuair a bhíonn cánacha nó táillí áitiúla dlite don Chomhairle. Tabharfar aird, áfach, i gcásanna den sórt sin ina bhfuil plean íocaíochta comhaontaithe i bhfeidhm a bhfuiltear ag cloí leis.

## Cad is Oibreacha Incháilithe ann?

- Tá oibreacha ar réadmhaoin aonair (tráchtála/cónaithe/tréigthe) incháilithe. (Tabhair faoi deara: B'fhearr oibreacha a fhorbairt nó tabhairt faoi scéim phéinteála ar an oiread réadmhaoine atá cóngarach agus is féidir, ach ní mór go mbeadh ar a laghad 3 cinn ann mar atá leagtha amach ag an Roinn don bheart seo chun cáiliú don uasráta maoinithe ag 80%; bainfidh ráta laghdaithe 70% le hiarratas ar áitreabh amháin.
- Ceadaítear iarratais ar Oibreacha ar fhoirgnimh aonair a áireamh sa Bheart i gcás foirgnimh thréigthe nó réadmhaoine foilmhe nuair is féidir riachtanas soiléir a léiriú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar amhairc an fhoirgnimh seo ar an sráid-dreach atá ann faoi láthair.
- Áirítear le cineálacha oibreacha incháilithe oibreacha amhail: péinteáil, aghaidheanna siopaí a dheisiú, comharthaíocht, comharthaí a athsholáthar, aghaidheanna siopa a fheabhsú, ábhair, soilsiú agus glanadh (Féach an tábla

thíos). Tabhair faoi deara le do thoil: I bhfianaise na n-amlínte atá leagtha amach ag an Roinn, **beidh Scéimeanna Péinteála mar thosaíocht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoin mBeart seo.**

- Spreagtar úinéirí agus áititheoirí foirgneamh tabhairt faoi iarratais aghaidh iomlán, i.e. foirgnimh a phéinteáil/a fheabhsú chun aghaidh iomlán an tsiopa ar urlár na talún/aghaidh lasnairde, tithe cónaithe agus foirgnimh gan chónaí a áireamh. Ní féidir cistí deontais a úsáid do phéinteáil ingearchló cúil. Níl ach iarratas amháin in aghaidh na maoine.
- Maidir le hoibreacha Péinteála, moltar go ndéanfaí an réadmhaoin go léir a ghlanadh le scairdniteoir, gáitéir a ghlanadh, sprae fuingicídeach neamhthocsaineach a úsáid, tuaslagán cobhsaithe a úsáid nuair is gá, dhá chóta de phéint a úsáid ar an taobh amuigh. Péinteáil adhmaid ar fad a bheith ullmhaithe i gceart le fochóta agus péint lonrach.
- Tá sé ar intinn ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, más indéanta, seirbhísí Comhairleoir(í) Dathanna a fhostú chun comhairle a thabhairt ar Scéimeanna Dathanna molta a d’fhéadfaí a chur ar fáil d’iarratais rathúla grúpa, nó féadfaidh an Fhoireann Baile áitiúil Comhairleoir Dathanna a fhostú, mar chuid de chur chuige comhaontaithe le Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Agus oibreacha le cur i gcrích á roghnú, ceanglaítear ar údaráis áitiúla a thaispeáint gur togra comhcheangailte don bhaile roghnaithe iad na hoibreacha roghnaithe.
- Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, d’fhonn tionchar na scéime a uasmhéadú agus i bhfianaise na bhfrámaí ama dochta atá i gceist, nach mbeifear in ann ach tacú le hoibreacha ar nós péinteáil, glanadh amach agus **oibreacha eile nach mbeidh gá le cead pleanála** agus/nó nuair is gá go bhfuil ceadanna riachtanacha i bhfeidhm.
- Sa chás go dtugtar faoi oibreacha gan cead scríofa a fháil roimh ré ó CCG, **<u>ní bhronnfar</u>** deontas ar an iarrthóir, ní mór an deontas a cheadú roimh na hoibreacha.

Féadfaidh Úinéirí Réadmhaoine agus Tionóntaí i Lár an Bhaile (mar atá sainithe) iarratas a dhéanamh ar Dheontais suas le 80% go dtí na huasteorainneacha atá ar fáil do na hoibreacha incháilithe seo a leanas:

| Oibreacha Incháilithe | Uasmhéid Deontas ar Fáil (Ráta ag 70/80%) |
|---|---|
| 1.Doirse/Feanléasacha, obair chloiche a ghlanadh, doirse a phéinteáil, feanléasacha adhmaid a athchóiriú | €1,000 |
| 2. Díon/Simléir/Gáitéarlach- baint an fhásra, glanadh agus mion deisiúcháin (3 réadmhaoin tadhlach ar a laghad) | €1,000 |
| 3. Aghaidh fhoirgnimh/siopa a pheinteáil i dathanna atá roghnaithe go cúramach a chomhlánóidh an foirgneamh óstach agus an sráid-dreach. | €3,500 (nóta 1) |
| 4. Aghaidheanna siopaí a ghlanadh amach agus a dheisiú. (Maidir le glanadh, is féidir oibreacha a chur san áireamh ar nós comharthaí, cuaillí bratach, sreangú etc. nach bhfuil gá leo a bhaint anuas) | €3,500 (nóta 1) |
| 5. Soilsiú cuí ar ghnéithe ailtireachta na bhfoirgneamh. | €4,000 (nóta 2) |
| 6. Athsholáthar comharthaí le héadan adhmaid traidisiúnta le litreacha adhmaid/lámhphéinteáilte NÓ dearadh comhaimseartha | €4,000 (nóta 2) |
| 7.Deisiú aghaidheanna traidisiúnta siopaí- bord éadain, piléir agus gnéithe adhmaid eile a athshuiteáil. | 7,000 (Nóta 3) |

**Nótaí**

1. Is é 70%/80% de chostais infhíoraithe, go huasmhéid de €3,500 euro, an t-uasmhéid Cúnaimh Deontais atá ar fáil do ghníomhaíochtaí 3 agus 4 atá liostaithe thuas. Baineann sé seo le gníomhaíocht aonair amháin nó le meascán d’aon ghníomhaíochtaí den chineál seo.

2. Is é uasmhéid an Chúnaimh Deontais atá ar fáil do ghníomhaíochtaí 5,6 ná €4,000. Baineann sé seo le gníomhaíocht aonair amháin nó le meascán d'aon ghníomhaíochtaí den chineál seo.
3. Is é uasmhéid an Chúnaimh Deontais atá ar fáil do ghníomhaíocht 7 ná €7,000
4. Is é uasmhéid an Chúnaimh Deontais is féidir a chur ar fáil do mheascán gníomhaíochtaí (1 go 7 thuas) le haghaidh maoine amháin ná €8,000.

## Cad é ráta an chúnaimh deontais?

Is é uasluach na n-oibreacha ar aon áitreabh aonair ná €8,000. Ar choinníoll nach sáraíonn an t-iarrthóir na teorainneacha do gach cineál oibre incháilithe, féadfar maoiniú deontais a sholáthar ag na rátaí seo a leanas:
Sa chás go bhfuil maoiniú á lorg ag an iarrthóir le haghaidh ábhar + saothair:

- 80% le haghaidh 3 áitreabh nó níos mó in aice láimhe ar a laghad (tá riachtanas maoinithe meaitseála íosta 20% do gach réadmhaoin atá ceadaithe.
- 70% d'áitreabh amháin (tá riachtanas maoinithe meaitseála íosta 30% do gach réadmhaoin atá ceadaithe.

Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir ag lorg maoinithe i dtreo ábhar le haghaidh Oibreacha Péinteála amháin

- 100% de chostais na n-ábhar amháin (déanann an t-iarrthóir oibreacha péinteála trí shaothar díreach).

## Próiseas Iarratais agus Amlíne Seachadta

Tá an próiseas iarratais mionsonraithe agus deartha lena chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis riachtanach ar fad ar fáil chun gach togra a mheas go cruinn agus go cothrom. Cinntigh le do thoil go gcomhlánaíonn tú an Fhoirm Iarratais agus go gcuirtear gach doiciméad a thacaíonn le d'iarratas isteach leis an iarratas.

## Próiseas Iarratais

**Foirm Iarratais**

Comhlánaigh, le do thoil, an Fhoirm Iarratais a thugann mionsonraí faoin gcaiteachas réamh-mheasta faoi gach réimse ábhartha d'obair incháilithe. nó más Tionónta an t-iarrthóir, ní mór toiliú i scríbhinn ón úinéir maidir leis na hoibreacha a chur isteach leis an iarratas.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne ar https://submit.link/2ES nó Foirm a chomhlánú atá le fáil ó tandv@galwaycoco.ie nó glaoch a chur ar 091 509396 agus is féidir linn í a sheoladh chugat.

**Grianghraif a thaispeánann staid reatha an fhoirgnimh**

Cuir grianghraif ar ardchaighdeán faoi iamh, le do thoil, d'aghaidh tosaigh iomlán an áitribh a thaispeánann go soiléir na réimsí uile den fhoirgneamh ina mbeidh oibreacha le déanamh.

**Meastacháin**

Ba chóir gach meastachán a chuireann costais saothair san áireamh a lorg ó chonraitheoirí péinteála inniúla agus ba chóir go sonrófaí na hoibreacha go léir atá le déanamh lena n-áirítear ábhair, gach dath, bailchríoch, etc. Cuir isteach, le do thoil, líon cuí na meastachán atá leagtha amach do chineálacha éagsúla oibreacha;

- Más le haghaidh ábhar amháin atá an t-iarratas (baineann sé seo le Péinteáil amháin) suas go dtí uasluach €5000 don phéinteáil: Meastachán amháin
- Más le haghaidh ábhar + saothair suas le luach €5,000 an t-iarratas: 2 mheastachán

Más le haghaidh ábhar + saothair os cionn €5,000 atá an t-iarratas: 3 mheastachán

**Tá iarratais ar oscailt ón 24 Meitheamh agus ní mór iad a chur isteach faoin 31 Iúil 2024 lena mbreithniú i Scéim 2024.**

**Tuilleadh Eolais tandv@galwaycoco.ie Teil: 091 509396/509334**